An Roinn Oideachais
Department of Education

**0080/2024**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta, Príomhoidí agus Múinteoirí i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

# Bearta nua chun tacú le Pleanáil chun Cinn do Sholáthar Oideachais Speisialta

## 1. Achoimre ar an gCiorclán

Sa Chiorclán seo:

- Leagtar amach an cuspóir agus an comhthéacs atá mar bhun leis an ngá atá le bearta breise chun tacú leis an bpleanáil chun cinn do sholáthar oideachais speisialta.
- Cuirtear an dualgas dlíthiúil atá orthu comhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar a súile do chomhlachtaí pátrúnachta, scoileanna agus boird bhainistíochta.
- Éascaítear an soláthar dlíthiúil san Acht Oideachais (Socrú i Leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022, ar soláthar é a chuireann ar chumas CNOS ról níos mó a ghlacadh maidir le comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar ghlacadh isteach leanaí agus daoine óga i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta.
- Tugtar eolas maidir le leathnú CNOS agus maidir leis an méadú ar na leibhéil tacaíochta atá ar fáil do scoileanna agus do theaghlaigh.
- Tugtar comhairle do thuismitheoirí/chaomhnóirí atá ag iarraidh a leanbh nó a nduine óg a rollú i rang speisialta nó i scoil speisialta:
    - gur cheart dóibh fógra a thabhairt do CNOS faoin 1 Feabhra agus dul i mbun plé leo maidir leis an réimse roghanna atá ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ag a leanbh nó ag a nduine óg agus
    - gur cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí litir a fháil ó CNOS le cur isteach lena n-iarratas ar ghlacadh isteach i rang speisialta nó i

scoil speisialta ina ndeimhnítear go sásaíonn an leanbh na riachtanais do rollú sa suíomh sin.

- Cuirtear na nithe seo a leanas in iúl do Scoileanna:
    - an ceanglas a bhaineann leis na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun go bhféadfar eolas ar liostaí feithimh do ranganna speisialta agus do scoileanna speisialta a bhailiú, a chur i bhfoirm táblaí agus a roinnt le CNOS de réir mar is gá.
    - an ceanglas a bhaineann le fógra tráthúil maidir le rolluithe i ranganna speisialta nó i scoileanna speisialta a chur ar aghaidh chuig CNOS agus dá réir sin a éascóidh CNOS chun deimhniú ar thacaíochtaí foirne a chur i gcrích go tráthúil do na ranganna speisialta agus do na scoileanna speisialta sin,
    - an t-eolas ar shocruithe nua cuíchóirithe chun tacú le hathearraíocht a bhaint as an gcóiríocht atá ann cheana féin ar mhaithe le hoscailt ranganna speisialta nua a éascú agus
    - go bhfuiltear ag iarraidh ar iar-bhunscoileanna a chinntiú go bhfuil na háiteanna go léir atá ar fáil i ranganna speisialta á n-úsáid.
- Tugtar soiléiriú ar na critéir incháilitheachta do ghlacadh isteach i rang speisialta uathachais agus
- Tugtar achoimre ghearr ar Thascfhórsa nua píolótach D15 chun tacú le pleanáil chun cinn do sholáthar oideachais speisialta sa cheantar sin óna bhféadfaí nithe a fhoghlaim don phleanáil chun cinn i gceantair eile.

## 2. Cuspóir agus Comhthéacs

Agus í ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais (Roinn) agus scoileanna, boird agus pátrúin, tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ag iarraidh deis a thabhairt do na leanaí agus na daoine óga go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu eispéiris ionchuimsitheacha oideachais a bheith acu, ar eispéiris iad a fhreagraíonn do na riachtanais agus do na hinniúlachtaí atá ag gach leanbh agus duine óg.

Cé go bhfaigheann formhór mór na leanaí agus na ndaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tacaíocht i ranganna príomhshrutha in éineacht lena bpiaraí, tá méadú ag teacht gach bliain ar an riachtanas do sholáthar breise i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta. Chun pleanáil a dhéanamh don riachtanas seo, ar riachtanas é atá ag méadú, agus ullmhú dó, tá sé beartaithe ag an Roinn agus ag CNOS bearta breise a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an tacaíocht maidir le pleanáil chun cinn do sholáthar oideachais speisialta.

Tá sé mar chuspóir ag an gciorclán seo breac-chuntas a thabhairt ar na bearta breise sin, chun aird a dhíriú ar fhorbairtí sa réimse a bhaineann le pleanáil ranganna speisialta agus scoileanna speisialta agus chun léiriú a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí gach páirtí maidir le tacaíocht a thabhairt do na próisis atá i gceist.

Tógann an ciorclán seo ar an eolas a leagtar amach i litir na Roinne Oideachais den 4 Meitheamh 2024 chuig na scoileanna go léir maidir le pleanáil chun cinn. Féadfar teacht ar chóip den litir sin ag an nasc seo Strategic Capacity Planning 2025 and Beyond (www.gov.ie).

**An reachtaíocht agus na dualgais dhlíthiúla atá ar phátrúin scoileanna, scoileanna agus Boird Bhainistíochta scoileanna comhoibriú le CNOS**
Mar a léiríodh cheana féin i gCiorclán 0075/2022 agus sna Ceisteanna Coitianta a bhí ag gabháil leis, bhí leasuithe san áireamh san Acht Oideachais (Socrú i Leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022, maidir le hailt 8, 9 agus 15 den Acht Oideachais, 1998 agus go sonrach maidir le comhoibriú na bpátrún, na scoileanna agus na mbord bainistíochta le CNOS.

Tá na dualgais shonracha bhreise leagtha amach thíos:

Go sonrach, faoi Alt 8 (6A) den Acht Oideachais, 1998 *comhoibreoidh* **pátrún scoile** *agus cinnteoidh sé go gcomhoibreoidh bord na scoile leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta maidir le feidhmiú a cuid feidhmeanna ag an gComhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, maidir le hoideachas a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear, go sonrach, rang nó ranganna speisialta a fheidhmiú nuair a iarrann an Chomhairle sin a dhéanamh.'*

Faoi Alt 8(6b) *cinnteoidh an* **pátrún** *go bhfreastalaíonn beartas iontrála na scoile ar ghlacadh isteach leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais eile acu'*.

Faoi Alt 8(6c) *'comhlíonfaidh an* **pátrún** *treoir ar bith a sheirbheáiltear ar an bpátrún faoi alt 37A'.*

Faoi Alt 9(ba) '*comhoibreoidh* **scoileanna** *leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna ag an gComhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a bhaineann le hoideachas a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ach, lena n-áirítear, go sonrach, faoi réir agus de réir fhorálacha an Achta seo agus treoir ar bith arna sheirbheáil ag an Aire ar an*

*bpátrún nó ar an mbord de réir mar a bheidh, faoi alt 37A, rang speisialta nó ranganna speisialta a sholáthar agus a fheidhmiú nuair a iarrann an Chomhairle sin a dhéanamh, agus treoir ar bith arna seirbheáil ag an gComhairle faoi alt 67(4B)'.*

Faoi Alt 15, *"(da) comhoibreoidh* **bord** *leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna ag an gComhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a bhaineann le hoideachas a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear, go sonrach, rang speisialta nó ranganna speisialta a sholáthar agus a fheidhmiú nuair a iarrann an Chomhairle sin a dhéanamh ,*
*(db) a chinntiú go bhfreastalaíonn beartas iontrála na scoile ar ghlacadh isteach leanaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais eile acu agus*
*(dc) treoir ar bith a sheirbheáiltear ar an mbord faoi alt 37A agus treoir ar bith a sheirbheáiltear ar an mbord faoi alt 67(4B) a chomhlíonadh.*

Ina theannta sin, bronntar feidhm bhreise ar CNOS leis an reachtaíocht a bhaineann le glacadh isteach i rang speisialta a bhainistiú agus a chomhordú i gcomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoileanna nuair is gá. Tá CNOS tiomanta don chomhairliúchán le scoileanna agus le páirtithe leasmhara cuí maidir le húsáid na cumhachta reachtaí sin.

**Riachtanas le háiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta ag méadú**

De réir mar a leanann an riachtanas le háiteanna i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta ar aghaidh ag méadú, tá sé tábhachtach go leanfadh pátrúin scoileanna de bheith ag comhoibriú le hobair CNOS. Tá sé beartaithe ag CNOS a leibhéal rannpháirtíochta le comhlachtaí pátrún scoileanna a mhéadú mar chuid den phleanáil chun cinn do scoilbhliain 2025/2026 agus ina dhiaidh sin.

Aithníonn an Roinn agus CNOS an comhoibriú ar leibhéal an-ard ó scoileanna, boird bhainistíochta agus pátrúin ionas go bhféadfaí beagnach 1,700 rang speisialta nua a oscailt ar fud scoileanna le cúig bliana anuas. Tá 11 scoil speisialta nua bunaithe le blianta beaga anuas agus tá méadú tagtha ar an acmhainn i mórán scoileanna speisialta eile.

Ó tharla go bhfuil an riachtanas le háiteanna i ranganna speisialta ag méadú, agus chun cothromas a chinntiú ar fud an chórais bunscolaíochta, meastar anois go mbeidh ar bhunscoileanna meánmhéide agus móra (Príomhoide + Ochtar (8) múinteoirí ar a laghad) rang speisialta amháin ar a laghad agus b'fhéidir dhá rang nó trí rang speisialta a oscailt. Tá líon suntasach scoileanna meánmhéide agus móra ann go fóill nach bhfuil rang speisialta á sholáthar acu

faoi láthair. Tá sé beartaithe ag CNOS dul i mbun plé leis na scoileanna sin, ag tosú le cuairteanna ar scoileanna, mar chuid den phleanáil chun cinn atá á déanamh acu do scoilbhliain 2025/2026 agus ina dhiaidh sin.

Tá an Roinn agus CNOS ag leanúint ag aghaidh ag cur réimse tacaíochtaí ar fáil do scoileanna a bhfuil ranganna speisialta á n-oscailt acu agus san áireamh ansin tá soláthar acmhainní múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna), deontais chaipitíochta feabhsaithe, deontais do theicneolaíocht chúnta, an scéim iompair scoile, oiliúint thiomnaithe agus doiciméid treorach agus acmhainní. Ina theannta sin, déantar tacaíochtaí d'oibreacha athchóirithe agus tógála ar bith atá de dhíth a sholáthar mar a leagtar amach i gcuid 4 thíos.

Dá luaithe a aontaíonn scoil rang speisialta nua a bhunú is mó an t-am a bheidh ar fáil chun rochtain a fháil ar oiliúint, oibreacha athchóirithe ar bith a chur i gcrích, baill foirne nua a earcú agus próisis iontrála a chur i gcrích.

Ag leibhéal na hiar-bhunscoile, mar a léiríodh i litir ón Roinn Oideachais roimhe seo, ní mór do scoileanna leanúint ar aghaidh ag pleanáil chun ceithre (4) rang speisialta ar a laghad a sholáthar.

**Tacaíochtaí CNOS a leathnú chuig teaghlaigh agus scoileanna**
Le bliain anuas, tá dul chun cinn suntasach déanta ag CNOS maidir le hEagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais (ERSOanna), Bainisteoirí Foirne agus Comhairleoirí sa bhreis a earcú. Tá 120 ERSO ag CNOS anois ar fud na tíre, méadú ó 65. Cinnteoidh an líon breise ERSOanna go mbraithfidh tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoileanna leibhéal seirbhíse feabhsaithe maidir le ceisteanna a bhaineann le tuairiscí, rollú i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta, acmhainní oiliúna agus soláthar foirne.

Bhí CNOS i dteagmháil le gach scoil chun a ERSO nua a chur in iúl dóibh. Tá tús curtha ag ERSOanna le cuairteanna um pleanáil scoile chun bualadh le lucht bainistíochta scoile i scoileanna ina gceantar áitiúil. Leanfar ar aghaidh leis na cuairteanna sin sna blianta seo amach romhainn mar chuid de na pleananna atá ag CNOS caidreamh níos láidre a bhunú le scoileanna.

I measc na gceisteanna a mbeidh ERSO ag tagairt dóibh le linn na gcuairteanna pleanála sin chuig scoileanna beidh;

1. Na tosaíochtaí maidir le foghlaim ghairmiúil múinteoirí do bhaill foirne na scoile don bhliain amach romhainn.
2. Buntreoir don Phróiseas Athbhreithnithe um Chúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAR), ar próiseas nua agus cuíchóirithe é, cruinniú tacaíochta ERSO agus an timthriall athbhreithnithe dhá bhliain. Féadfar rochtain a fháil ar eolas faoi SNAR ag an nasc seo SNA Review (Mainstream) – (ncse.ie)

3. Próifíl rang speisialta na scoile agus iad siúd a bheidh ag imeacht ón rang speisialta ag deireadh na bliana, de réir mar atá tuartha.
4. Athbhreithniú CNOS ar phróifíl chóiríochta na scoile, a roinnfear leis an scoil i ndiaidh an chruinnithe.
5. Achoimre thosaigh ar rollú iomlán measta na scoile don bhliain acadúil atá ag teacht.
6. Sonraí maidir le leanaí agus daoine óga a cuireadh ar laethanta scoile laghdaithe agus
7. Riachtanais bhreise nó ábhair imní ar bith atá an scoil ag iarraidh a léiriú.

## 3. Pleanáil chun cinn a neartú mar thoradh ar shocruithe níos fearr maidir le comhroinnt sonraí agus fógraí a thabhairt

**An riachtanas atá le háit i rang speisialta nó i scoil speisialta a chur in iúl do CNOS a luaithe agus is féidir**
In alt 20 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, (2004) arna leasú leis an Acht Oideachais (Socrú i Leith Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu), 2022, déantar foráil d'fheidhm nua a bheith ag CNOS i dtaca le glacadh isteach leanaí i ranganna agus i scoileanna speisialta a chomhordú agus a bhainistiú.

Agus an fheidhm nua sin á héascú acu, measann an Roinn agus CNOS go dtacóidh na bearta breise seo a leanas le pleanáil chun cinn don soláthar oideachais speisialta do scoileanna agus do theaghlaigh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is iad seo a leanas na bearta sin:

- Lena chinntiú go mbeidh rochtain ag CNOS ar eolas faoi na leanaí agus na daoine óga go léir a bhféadfadh áit i rang nó i scoil speisialta a bheith de dhíth orthu, ba cheart do thuismitheoirí/chaomhnóirí **fógra a thabhairt do CNOS** sula ndéanann siad iarratas maidir le glacadh isteach i rang speisialta agus/nó i scoil speisialta. Pléifidh CNOS leis na teaghlaigh an réimse roghanna atá ar fáil chun freastal ar na riachtanais atá ag a leanbh nó ag a nduine óg faoi mar atá léirithe i dtuairiscí atá ar fáil. Ba cheart go dtabharfaí an fógra sin agus go gcuirfí isteach na tuairiscí ábhartha maidir leis an leanbh nó an duine óg a luaithe agus is féidir. Ba cheart an fógra a thabhairt **roimh an 1 Feabhra sa scoilbhliain roimhe sin** chun pleanáil CNOS a éascú agus chun a chinntiú go dtugtar dóthain ama do CNOS agus don Roinn chun pleanáil a dhéanamh maidir le hacmhainn bhreise a sholáthar i dtaca le ranganna speisialta agus scoileanna speisialta. Aithnítear go gcuirtear tús le mórán de na próisis iontrála do scoileanna sa Chéad Téarma den scoilbhliain agus beidh CNOS ag obair lena chinntiú go dtugann

.....

tuismitheoirí/caomhnóirí fógra dóibh a luaithe agus is féidir. Mar sin féin, ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh sé nach bhfaigheadh roinnt leanaí agus daoine óga diagnóis agus/nó moladh do rang speisialta go dtí am níos déanaí agus ní mór do CNOS leanúint ar aghaidh ag obair chun tacú leis na leanaí agus na daoine óga sin chun rollú cuí a aimsiú i gcomhar lena scoileanna áitiúla.

- Cuirfidh an próiseas sin ar chumas CNOS a sheiceáil agus a fhíorú go sásaíonn na moltaí agus na tuairiscí do gach leanbh nó duine óg ar leith na critéir incháilitheachta don chatagóir nó do na catagóirí de riachtanais speisialta oideachais a bhfreastalaíonn an rang speisialta nó an scoil speisialta orthu.

- Gheobhaidh tuismitheoirí/caomhnóirí atá rannpháirteach sa phróiseas sin deimhniú scríofa ó CNOS ina ndeimhnítear toradh athbhreithniú CNOS ar an bhfianaise thacaíochta a soláthraíodh agus is féidir leo é sin a thabhairt don scoil/do na scoileanna mar chuid dá n-iarratas ar rollú i rang speisialta nó i scoil speisialta.

- Roimhe seo, tharla an tseiceáil incháilitheachta sin ag CNOS go hiondúil i ndiaidh do scoileanna tairiscintí ar ghlacadh isteach a dhéanamh. Dá bhrí sin, déanfar an tseiceáil incháilitheachta sin sula gcuirfidh scoileanna cinneadh maidir lena n-iarratas ar rollú i rang speisialta nó i scoil speisialta in iúl d'iarratasóirí.

- Ba cheart do scoileanna a fhaigheann iarratais ar rollú i rang speisialta nó i scoil speisialta a mholadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí fógra a thabhairt do CNOS roimh an amlíne den 1 Feabhra.

- Ina theannta sin, i gcás go bhfuil áit i rang speisialta i rang speisialta nua atá a bhunú sa scoil chéanna á lorg ag tuismitheoirí/caomhnóirí, ba cheart do na scoileanna sin CNOS a chur ar an eolas faoi na leanaí sin roimh an 1 Feabhra. Ba cheart plé a dhéanamh ar na leanaí sin ag cruinnithe pleanála ERSO le scoileanna.

- Tá rannpháirtíocht agus cumarsáid chuí beartaithe ag CNOS lena chinntiú go gcuirtear in iúl an dualgas atá ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a bhfuil rang speisialta nó scoil speisialta á lorg acu fógra a thabhairt do CNOS. San áireamh ansin, d'fhéadfadh sé go mbeadh seisiúin eolais tiomnaithe do thuismitheoirí/chaomhnóirí, nascadh leis na soláthraithe Oideachais Luathbhlianta agus teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí leanaí réamhscoile a bhfhuil rochtain á fáil acu ar thacaíochtaí teagaisc baile agus tacú le haistriú leanaí ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Chomh maith leis sin, tá comhaontú nua um chomhroinnt sonraí á chur chun cinn freisin ionas go bhféadfaidh earnáil

na luathbhlianta eolas a roinnt le CNOS maidir le leanaí a bhfuil rochtain á fáil acu ar ardleibhéil tacaíochta faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú.

- I gcás go gcuirtear in iúl do CNOS, i ndiaidh an 1 Feabhra sa bhliain reatha, go bhfuil gá le háit i rang speisialta nó i scoil speisialta don scoilbhliain dár gcionn agus nuair nach féidir rollú den chineál sin a sholáthar, tacóidh CNOS le suíomh príomhshrutha ar bith atá ann faoi láthair agus a bhfuil an leanbh nó an duine óg ag freastal air agus chuige sin úsáidfidh sí teagasc oideachais speisialta agus acmhainní cúntóirí riachtanas speisialta de réir mar is gá. Beidh CNOS ar fáil chun tacú leis an scoil agus leis an teaghlach i gcásanna den chineál sin. I gcás go bhfuil leanbh nó duine óg ag aistriú ó na luathbhlianta, oibreoidh CNOS chun tacú le rollú an linbh nó an duine óig sin i rang príomhshrutha na naíonán sóisearach. Leanfaidh CNOS de bheith ag obair i gcónaí chun rollú cuí a aimsiú a luaithe agus is féidir.

**Eolas ar liosta feithimh a chomhroinnt le CNOS**
Chun tacú le hobair CNOS, maidir lena dhualgas dlíthiúil faoi alt 20(1)(b) den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, pleanáil a dhéanamh chun oideachas speisialta a sholáthar agus chun glacadh isteach leanaí agus daoine óga i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta a chomhordú agus a bhainistiú, tá comhroinnt sonraí maidir le liostaí feithimh do ghlacadh isteach i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta tábhachtach i gceantair ina bhfuil brú ar leith maidir le soláthar breise don oideachas speisialta.

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar scoileanna sna ceantair sin sonraí maidir le hiarratais ar ghlacadh isteach i ranganna speisialta nó i scoileanna speisialta a chomhroinnt le CNOS. Nuair atá an t-iarratas sin á bhreithniú acu, ba cheart do scoileanna a thabhairt dá n-aire go bhfuil dualgas dlíthiúil orthu faoi alt 9(ba) den Acht Oideachais, 1998, comhoibriú le CNOS agus a cuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aici, lena n-áirítear iad sin a leagtar amach thuas. Ina theannta sin, tá dualgas dlíthiúil ar bhoird bainistíochta scoileanna faoi alt 14(1)(c) den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, comhoibriú le CNOS agus go háirithe eolas ar bith a iarrfaidh CNOS le réasún chun a feidhmeanna a chomhlíonadh a sholáthar.

Mar rialaitheoirí sonraí neamhspleácha, iarrtar ar scoileanna anois an úsáid seo a d'fhéadfaí a bhaint as sonraí pearsanta a chur in iúl d'iarratasóirí ina Ráiteas ar Phríobháideacht Sonraí ar a bhFoirm Iarratais um Ghlacadh Isteach i rang speisialta nó i rang speisialta.

Tá roinnt téacs samplach molta: **Má chuirtear do leanbh nó do dhuine óg ar liosta feithimh d'áit, d'fhéadfaí a s(h)onraí pearsanta a chomhroinnt leis an**

**gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ar mhaithe le pleanáil a dhéanamh do sholáthar socrúchán oideachais speisialta.**

Chun an riachtanas comhroinnte féideartha sin a éascú, ba cheart do scoileanna sonraí maidir le glacadh isteach a thaifeadadh i bhfoirm tábla (nó i gcóras ónar féidir na sonraí a bhaint i bhfoirm tábla), a chuimsíonn ar a laghad UPSP, sloinne, céadainm, agus catagóir an iarratasóra de réir chritéir ró-éilimh na scoile.

Nuair is féidir, ba cheart stádas an iarratasóra a thaifeadadh freisin, e.g. tairgthe, glactha, diúltaithe. Táthar ag súil go dtacaíonn na córais atá i bhfeidhm ag scoileanna chun iarratais ar ghlacadh isteach a thaifeadadh leis sin cheana féin ach mar sin féin moltar don scoileanna a dheimhniú gur féidir na sonraí a bhaint agus a roinnt san fhormáid a theastaíonn. Tá teimpléad a mholtar do scoileanna a úsáid ar fáil ag an nasc seo: Strategic Capacity Planning 2025 and Beyond (www.gov.ie).

**Critéir incháilitheachta do rollú i rang speisialta don uathachas**
I gcomhréir le Ciorclán 02/05 ón Roinn agus Treoirlínte CNOS do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna maidir le Ranganna Speisialta a Bhunú agus a Eagrú (2024), tá leanaí agus daoine óga incháilithe le rollú i rang speisialta don uathachas nuair a sholáthraítear iad seo a leanas mar thacaíocht le hiarratas den chineál sin.

Tuairisc(í) gairmiúla ina léirítear:

- Diagnóis uathachais: DSM IV/V nó ICD 10/11 (síceolaí, síciatraí, tuairisc ildisciplíneach)

AGUS

- Léiriú ar an tuiscint ar an gcastacht a bhaineann le leibhéal foriomlán riachtanas/riachtanais an linbh mar atá léirithe sna tuairiscí gairmiúla

AGUS

- I bhfianaise na déine nó na castachta a bhaineann le riachtanais tacaíochta an linbh, moladh soiléir gairmiúil maidir leis an gcineál socrúcháin oideachas ab oiriúnaí chun freastal ar riachtanais an linbh, chomh maith leis an mbunús atá leis sin.

Tá obair ar siúl chun na critéir incháilitheachta a uasdátú do chatagóirí eile de ranganna speisialta agus cuirfear eolas faoi sin ar fáil do scoileanna amach anseo.

**Fógra a thabhairt do CNOS maidir le rolluithe i ranganna speisialta agus i scoileanna speisialta**

Faoi láthair, tá sé de dhualgas ar gach bunscoil agus iar-bhunscoil a bhfuil leanbh nó duine óg á rollú acu i rang speisialta agus ar gach scoil speisialta a bhfuil leanbh nó duine óg á rollú acu fógra rollaithe a chur ar aghaidh chuig CNOS. Ó scoilbhliain 2024/2025 ar aghaidh, ní mór na fógraí rollaithe sin a chur ar aghaidh chuig CNOS laistigh de **14 lá féilire** ón am a ndeimhníonn scoil gur glacadh le tairiscint ar ghlacadh isteach.

Mar thoradh ar rolluithe a fhógairt go tráthúil, féadfaidh CNOS leithdháileadh níos éifeachtaí a dhéanamh ar acmhainní breise maidir le soláthar foirne áit a dteastaíonn siad.

I gcás nach soláthraíonn scoil fógraí rollaithe laistigh den tréimhse ama 14 lá, féadfaidh CNOS tús a chur le plé athbhreithnithe leis an scoil chun an próiseas do scoileanna amach anseo a chuíchóiriú agus tacú leis.

**Glacadh isteach i ranganna speisialta in iar-bhunscoileanna**
Cuireadh in iúl don Roinn Oideachais agus do CNOS go bhfuil roinnt bheag cásanna ann, nuair nár úsáideadh áiteanna a bhí ar fáil i ranganna speisialta mar nach bhfuil áiteanna ar fáil ag an scoil i ranganna príomhshrutha do bhliainghrúpa ar leith. Cé go dtuigtear gur mian le scoileanna tacú le cuimsiú leanaí agus daoine óga atá rollaithe i rang speisialta i ngrúpaí ranga príomhshrutha a oiread agus is féidir, measann an Roinn agus CNOS go bhféadfaí é sin a dhéanamh chomh maith leis na háiteanna go léir atá ar fáil i rang speisialta a thairiscint.
I bhfianaise an riachtanais atá ann maidir le ranganna speisialta iar-bhunscoile agus leanaí agus daoine óga ag aistriú ón mbunscoil chuig an iar-bhunscoil, ar riachtanas é atá ag méadú, iarrann an Roinn agus CNOS go ndéanfadh gach iar-bhunscoil soláthar do líonadh na socrúchán go léir atá ar fáil i ranganna speisialta gach bliain. Ní mór é sin a léiriú go soiléir i mbeartais iontrála na scoile.

Iarrtar ar iar-bhunscoileanna a chinntiú go gcuirtear roghanna ábhar i ranganna príomhshrutha san áireamh nuair atá iarratais ar ranganna speisialta á bpróiseáil agus nuair is féidir go mbeadh socrúcháin i ranganna speisialta á líonadh ag leanaí agus ag daoine óga atá ag fáil rochtana ar ábhair phríomhshrutha atá oiriúnach dá riachtanais agus dá roghanna.

## 4. Socruithe nua cuíchóirithe chun tacú le hathearraíocht a bhaint as an gcóiríocht atá ann cheana féin ar mhaithe le hoscailt ranganna speisialta nua a éascú

Déantar formhór na ranganna speisialta a bhunú i gcóiríocht atá ann cheana féin. Is dóigh go leanfar de sin go ceann i bhfad agus rolluithe foriomlána ag dul i laghad ag leibhéal na bunscoile agus an buaicphointe bainte amach ag rolluithe na chéad bhliana i bhformhór na n-iarbhunscoileanna faoin am seo. Tá

sé tábhachtach an úsáid is mó is féidir a bhaint as an gcóiríocht atá ann cheana féin chun oscailt ranganna speisialta breise a bhunaíonn CNOS in am trátha a éascú.

I suíomhanna ina bhfuil gá ranganna speisialta nua a oscailt ag leibhéal na bunscoile, agus chun cothromas a chinntiú ar fud earnáil na bunscoile, beidh CNOS dírithe i dtús báire ar bhunscoileanna meánmhéide agus móra (8 rang príomhshrutha nó níos mó nach bhfuil rang speisialta ar bith acu faoi láthair nó nach bhfuil acu ach rang speisialta amháin.  Mar an gcéanna ag leibhéal na hiar-bhunscoile, beifear ag díriú i dtús báire ar scaipeadh maith ranganna speisialta ar fud scoileanna i mbaile mór nó i gceantar agus é mar aidhm i ndeireadh na dála go mbeadh ceithre (4) rang speisialta ar an meán i ngach iar-bhunscoil.

Tá na socruithe cuíchóirithe seo a leanas á gcur i bhfeidhm ag Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne chun tacú le hathearraíocht a bhaint as an gcóiríocht atá ann cheana féin ar mhaithe le hoscailt ranganna speisialta nua do mhí Mheán Fómhair 2025 a éascú.

1. **Íocfar deontas tionscnaimh suas le €30,000** le gach scoil a bheidh ceadaithe ag CNOS chun rang speisialta nua a oscailt do scoilbhliain 2025/26. Baineann an íocaíocht deontais seo le gach rang speisialta nua agus ní gá do na scoileanna ábhartha iarratas a dhéanamh - íocfaidh Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne é bunaithe ar fhógra a fhaigheann sé ó CNOS maidir le liosta scoileanna a bhfuil ranganna speisialta nua á n-oscailt acu do scoilbhliain 2025/26. Tabharfaidh an deontas sin solúbthacht mhaith do scoileanna chun oscailt ranga speisialta nua a éascú agus cuimsíonn sé an deontas tionscnaimh atá ann cheana féin, deontas chun seomra na gcéadfaí a fheistiú/spás ciúin a chruthú agus chomh maith leis sin deontas Troscáin agus Trealaimh agus deontas TFC agus iad sin go léir uasdátaithe go dtí €30,000 san iomlán. Féadfar teacht ar shonraí breise faoin deontas sin ag an nasc seo Guidance Note on Enhanced Grant (www.gov.ie).

2. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar roinnt scoileanna oibreacha athearraíochta ar mhionscála a dhéanamh chun bunú ranga speisialta nua a éascú i gcóiríocht atá ann cheana féin. I gcás na scoileanna sin, tá próiseas nua iarratais simplithe á chur i bhfeidhm chun tacú leis an soláthar a dhéanamh go tráthúil. Braithfidh an leibhéal maoinithe a bheidh i gceist ar chineál na n-oibreacha mionscála a bheidh le déanamh agus beidh uasmhéid de €70,000 ar fáil do gach rang speisialta nua a bheidh á oscailt do scoilbhliain 2025/26. Cuirfidh an maoiniú deontais sin solúbthacht mhaith ar fáil do scoileanna chun oscailt ranga speisialta nua a éascú agus tá sé mar bhreis ar an deontas tionscnaimh €30,000 a bhfuil tagairt dó ag Uimhir 1 thuas. Cuirfear an maoiniú deontais ar fáil do scoileanna do sholáthar agus

seachadadh déabhlóidithe agus san áireamh ann tá solúbthacht chun tosaíocht a thabhairt do chineál na-oibreacha mionscála a theastaíonn chun oscailt an ranga speisialta nua a éascú do scoilbhliain 2025/26. Féadfar teacht ar threoir theicniúil sa bhreis agus ar an bpróiseas iarratais ag an nasc seo SEN Repurposing Information (www.gov.ie).

3. D'fhéadfadh sé go mbeadh oibreacha níos suntasaí ag teastáil i roinnt scoileanna i dtaca le bunú ranga speisialta nua a éascú i gcóiríocht atá ann cheana féin. Nuair a fhaightear iarratais den chineál sin, déanfar measúnú teicniúil níos mionsonraithe chun scóip na n-oibreacha atá riachtanach a bhailíochtú. Meastar go gcinnfidh sé sin freisin céim thosaigh na n-oibreacha atá riachtanach chun oscailt an ranga speisialta do scoilbhliain 2025/26 a éascú. Cuirfear oibreacha ar bith eile san áireamh de réir mar is cuí mar chuid den chlár caipitil níos leithne agus tabharfar tosaíocht dóibh dá réir sin. Meastar go ndéanfar tionscadail den chineál sin a sheachadadh de ghnáth mar thionscadail dhéabhlóidithe. Díreofar tacaíochtaí Bainistíochta Tionscadail ar scoileanna speisialta agus ar scoileanna príomhshrutha a bhfuil tionscadail níos casta i gceist leo. Ní thabharfar deontais ar leithligh faoi Uimhir 2 thuas do scoileanna ar ceadaíodh oibreacha níos suntasaí dóibh.

4. Cuirfidh an Roinn cóiríocht mhodúlach ar fáil de réir mar is gá áit a bhfuil sí sásta nach bhfuil dóthain acmhainne laistigh den chóiríocht atá ann cheana féin chun oscailt ranga speisialta nua atá ceadaithe ag CNOS a éascú. Mar sin féin, ó tharla go mbeidh tréimhsí níos faide i gceist roimh thosú, meastar go mbeidh sé riachtanach socruithe teagmhais a chur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil i gcomhar le CNOS chun oscailt luath ranganna speisialta nua a éascú.

## 5. Tionscnamh Píolótach chun Pleanáil chun Cinn do Sholáthar Oideachais Speisialta a fheabhsú

**Tascfhórsa Bhaile Átha Cliath 15**
D’iarr an tAire Naughton, Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit atá freagrach as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, ar an Roinn tascfhórsa um pleanáil agus soláthar oideachais speisialta i gceantar Bhaile Átha Cliath 15 a bhunú, chun cabhrú le tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin a bhaineann le pleanáil chun cinn do sholáthar oideachais speisialta i gceantar ina bhfuil brú suntasach maidir le soláthar oideachais speisialta agus chun réitigh a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach a mholadh.

Tá sé beartaithe go ndíreodh obair an tascfhórsa ar na gnéithe seo a leanas;

- Scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige lena chinntiú go bhfuil eolas níos fearr agus níos iomláine ag CNOS maidir leis an leibhéal riachtanais atá tuartha do shocrúcháin oideachais speisialta.
- Tacú le hobair CNOS chun acmhainn bhreise do sholáthar oideachais speisialta a aimsiú níos luaithe sula dtosaíonn an chéad scoilbhliain eile.
- Tabhairt isteach amlínte caighdeánacha do ghlacadh isteach a chur chun cinn ar fud scoileanna agus Córas Iarratais Comhchoiteann a fhorbairt, agus
- Plé a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le beartas oideachais speisialta níos leithne a bhfuil suim ag baill an Tascfhórsa iontu.

Tá sé beartaithe go mbeadh ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas i gceantar Bhaile Átha Cliath 15 mar bhaill den tascfhórsa – tuismitheoirí, príomhoidí scoile, comhlachtaí pátrúnachta scoile, CNOS, an Roinn Oideachais, FSS agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

D'fhéadfadh obair an Tascfhórsa nua seo cabhrú maidir le pleanáil chun tosaigh do sholáthar oideachais speisialta i gceantair eile sa tír sna blianta seo amach romhainn.

## 6. Ceisteanna

Féadfar ceisteanna ar bith maidir leis an gciorclán seo a sheoladh chuig an Roinn Oideachais ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

*Special_Education@education.gov.ie.*

D'fhéadfaí treoir bhreise a sholáthar le doiciméad Ceisteanna Coitianta más gá.

**Martin McLoughlin**
**Príomhoifigeach**

**An Rannóg Oideachais Speisialta**